

I DTÍR STRAINSÉARTHA

Liam Mac Cóil

I

Seomra na gCuartheoirí

An chéad uair riamh ar tháinig mise isteach i gcathair na Gaillimhe ba tríd an nGeata Mór é, ar nós go leor eile. In éineacht le m'athair a bhí mé, agus mé ar nós duine a bhí á thabhairt chun a chrochta. Shíl mé gur as a mheabhair a bhí sé mé a thabhairt chuig a leithéid d'áit. Gleo agus boladh bréan, sin mar a chuir an chathair álainn sin í féin in iúl dom. Na tithe arda glasa ina dhá rang dhíreacha aduaine ag síneadh suas an tsráid uaim, an chloch shnoite shleamhain; dar liom gur i bpríosún a bhí mé.

Bhí an bheirt againn tuirseach traochta tar éis an turais — dhá lá dianmharcaíochta ón Leacán. Ba é deireadh an tráthnóna a bhí ann, i mí mheáin an Fhómhair; tóin tinn, cosa stromptha, an mheirtne sin a thagann ar dhuine tar éis lá iomlán a chaitheamh ar muin capaill. Idir sin agus na cnapanna móra cac capaill i lár na sráide, agus gach cineál duine ag dul soir is siar, brat nó léine ar chuid mhaith acu, culaith Shasanach ar chuid eile, agus gan aon duine acu ag tabhairt aon aird orainne — ní haon ionadh go raibh inní mhór orm faoina raibh romham.

Ar aghaidh linn idir na tithe arda grástúla, na caisleáin bheaga aonairde sin, a bhí ag breathnú anuas orainn mar a bheadh iarlaí gradamacha ag breathnú anuas ar an daoscar. Ní raibh aon tuairim againn cén treo ba cheart dúinn a ghabháil, nó cén bealach ba cheart dúinn a thógáil. Ghlaigh

m'athair amach ar an scafaire fionn seo a bhí ag siúl ar thaobh na sráide.

‘Hóra,’ arsa m'athair de ghlór ard. ‘Go mbeannaí Dia dhuit. Cá bhfuil Coláiste Alastair Luínse?’

Chas an buachaill thart agus chonaic mé aghaidh oscailte dhathúil faoi ghlib fhionn.

‘Sin é an áit a bhfuil mé féin ag dul,’ ar seisean, agus é ag cur na glibe siar dá chlár éadain. ‘Tabharfaidh mé ann sibh.’

B’in é an chéad uair a chonaic mé Lúcas Ó Briain.

Má bhí sé bliain níos sine ná mé, ní raibh ann ach sin. Shiúil sé taobh le capall m'athar agus lean air ag freagairt a chuid ceisteanna tobanna go toilteanach dea-bhéasach. Ba scoláire de chuid an Choláiste é féin, rud a chuir dea-ghíúmar de shaghas orm, den chéad uair le seachtain.

‘Tá an ceart agat,’ ar seisean aníos le Giolla Íosa. ‘Tá sí chomh maith le haon scoil eile dá leithéid san Eoraip.’

Thug Lúcas go clós cúil an Choláiste muid. Shleamhnaíomar anuas dár gcapaill. D’fhágamar iad i lámha Thoirealaigh, an t-aon ghiolla a thugamar linn, agus tháinig Michael amach as clapsgholas na stáblaí chun bualadh linn — is cuimhin leat Michael, táim cinnte, an duine beag éadrom a bhíodh i gcónaí ag feadaíl; níorbh aon eisceacht é an tráthnóna fómhair sin.

Thug Lúcas isteach i seomra na gcuairteoirí muid, mise fós ag déanamh iontais de na focail ‘scoil’ agus ‘an Eoraip’ a bheith á lua san aon abairt amháin. Bhí m'athair bocht fadbhreathnaitheach ar a bhealach féin, is dócha, go ndéana Dia trócaire air. D’fhág Lúcas ansin muid agus d’imigh chun fios a chur ar an Máistir.

Is beag a shíl mé, agus muid fágtha sa seomra dorcha sin asainn féin, go mbeadh eachtraí go leor ar bun agam féin is

ag Lúcas, go gairid ina dhiaidh sin. Sin, agus go mbeadh eachtra amháin acu sin, Eachtra seo na Litreach, a bhfuil mé ag insint duit anois faoi, agus dlúthbhaint aige leis an Eoraip chéanna, sa chaoi is gur baineadh croitheadh nach beag as taoisigh Ghael agus Ghall agus go raibh caint ar Lúcas Ó Briain i gcúirteanna ríthe Shasana agus na Spáinne agus sa Róimh féin. Tháinig go leor achrainn de bharr na litreach sin, agus marú agus gortú, mar a inseoidh mé duit. Agus bhí go leor achrainn ag Lúcas féin mar gheall uirthi sular fhág sé Gaillimh ar chor ar bith, mar a d’eachtraigh mé duit sa chéad litir a chuir mé chugat. Bhí tuilleadh roimhe, agus sin ar bhealach nach raibh aon choinne ag an bhfear bocht leis. Ach táim ag teacht romham féin. Tá sé tábhachtach ó thaobh an scéil de go n-inseoinn duit faoin ról beag a bhí agam féin ann.

Bhí mise ag breathnú in airde ar an gcros chéasta mhór dhubh ar an mballa bán ag bun an tseomra. Táim cinnte gur cuimhin leat é, an dealbh órga den Slánaitheoir ar ar éigean a bhí mé in ann í a fheiceáil sa leathdhorchadas. Bhí Giolla Íosa ag siúl deiseal thart ar an mbord trom fada dubh i lár an tseomra agus é ag leagan láimhe ar na cathaoireacha a bhí mar a bheadh cléirigh thostmhara adhmaidúla rangaithe timpeall air.

‘Snoíodóireacht bhreá,’ arsa Giolla Íosa go sásta agus a mhéara ag eitilt thar obair ornáidíochta cheann de na cathaoireacha.

An chéad rud eile, d’oscail an doras, agus seo isteach an Máistir Alasandar Luínse é féin. Bhí culaith dhubh air i bhfaisean na Spáinneach agus clóca dubh go sála. B’ionadh liom a óigeanta a bhí sé, scór go leith bliain an uair sin is dócha. Bheannaigh sé do m'athair agus ansin chuir fáilte chroíúil romhamsa isteach sa Choláiste.

‘Tá céad fáilte romhat, a Dhualtaigh,’ ar seisean. ‘Tá a fhios agam go mbeidh cumha ort i ndiaidh an bhaile ar feadh tamaill. Ach beidh tú sa bhaile anseo. Ógánaigh bhreátha atá san áit seo. Ar nós Lúcaís Uí Bhriain. Casadh ort é. Breathnóidh seisean i do dhiaidh. Ná bíodh aon imní ort.’

Is dócha gurbh fheasach d’Alasandar Luínse a raibh ar bun aige, mise a cheangal le Lúcas ar an gcaoi sin mar, chomh minic lena mhalairt, is mise a bhíodh ag breathnú i ndiaidh Lúcaís.

Agus sin é go díreach an rud a theastaigh uaim a dhéanamh, nuair a thosaigh Eachtra seo na Litreach, mar atáim ag tabhairt uirthi: breathnú amach do Lúcas. Ina ionad sin is ag breathnú ina dhiaidh a bhí mé, agus sin ar bhealach eile ar fad — ba lag ar fad é m’iarrachta sa a shon, mar a fheicfidh tú.

Dhá lá ina dhiaidh sin d’fhágas slán le m’athair. Is beag nár bhris mo chroí istigh ionam nuair a chonaic mé é ag crochadh a láimhe chun slán a fhágáil liom ag an gcéad chasadh den bhóthar mór, ceathrú éigin míle lasmuigh de bhallaí na cathrach, agus Toirealach dílis ag ardú láimhe mar a chéile leis. Dar liom go raibh mé ag breathnú ar scoth na nGael agus an aosa léinn den sean-am ag imeacht as radharc orm, agus orainn uile, ar an mbóthar ó thuaidh. Giolla Íosa Mór mac an Dualtaigh Mhóir Mhic Fhirbhisigh, solas na glóire dá n-anamacha dílse uile.

Nuair a tháinig mé ar ais chuig an gColáiste, arbh é an baile nua anois agam é, bhí sé ina raic. Lúcas agus Risteard Máirtín in adharca a chéile faoi cé acu ar chóir dúinn ár gcéad dílseacht a thabhairt; d’Aodh Ó Néill, mar a bhí Lúcas ag maíomh, nó don Rí Séamas mar a bhí Risteard ag áitiú. Agus céard ba dhílseacht ann ar aon chuma, agus nach é an chéad dílseacht a bhí ag duine dó féin agus do shlánú a

anama? Ba dhána an mhaise dom é is dócha, mar bhuachaill nua sa scoil, ach d’éirigh liom síocháin a dhéanamh eatarthu. Punctum, arsa mise go ciúin: nach túisce dílseacht do Dhia, dá eaglais agus dár gcomhdhaoine? Dhírigh an bheirt acu ormsa; ba dheacair dóibh beirt argóint in éadan na trí sprioc dílseachta a bhí mise tar éis a chur os a gcomhair. Ligeadh an argóint i ndearmad agus d’fháiltigh siad beirt go croíúil romham isteach sa scoil. Ba dhlúthchairde mé féin agus Lúcas as sin amach, agus ní raibh aon olc ag Risteard chugam ach an oiread, ach a mhalairt; bhí glacadh liom i measc buachaillí aigeanta éirimiúla an ranga.

Tá míniú sásúil ansin, dar liom, ar an bhfáth — nuair a tháinig uncail Lúcaís, mar a shíleamar, chuig doras an tseomra ranga chun Lúcas a iarraidh amach, is é sin an lá a tugadh an litir rúnda dó le tabhairt d’Aodh Ó Néill sa Róimh, ach nárbh fhios dúinn tada faoi sin ag an am — gur iarr an Máistir ormsa é a leanúint os íseal.

‘Coinnigh súil ghéar air,’ ar seisean liom. ‘Ná lig as do radharc é. Ansin tar ar ais agus tabhair tuairisc iomlán domsa.’

2

An Dualtach ina Spiaire

Agus b'in díreach an rud a rinne mé. Ní go rómhór a thaitin sé liom a bheith i mo spiaire ar mo dhlúthchara, ach tuigeadh dom gur ar a leas a bhí an Máistir agus, ar aon chuma, murab é leas Lúcaís é, níor ghá dom an rud a d'fheicfinn a lua sa tuairisc a thabharfainn ar ais.

Sráid Thobar an Iarla, síos trí mhargadh an éisc i dtreo Shráid an Phluda, chomh fada le Bóithrín na Súdairí. Isteach leo sa teach ard cloiche seo. Isteach liomsa ina ndiaidh. Dhreap siad staighre, dhreap mise an staighre céanna go ciúin faichilleach, cúpla soicind ina ndiaidh. D'éirigh liom an seomra ina raibh siad a aimsiú trí chluas le héisteacht a chur orm féin. Ba dhóbair dom. Tháinig 'uncail' Lúcaís amach, Murchadh Shéamais mar a fuair mé amach a bhí air ina dhiaidh sin, agus murach gur éirigh liom éalú isteach sa seomra folamh béal dorais bheadh beirthe orm. Níor dhún mé an doras i mo dhiaidh ach d'fhan i bhfolach taobh thiar den chomhla. Ar an gcaoi sin fuair mé eolas ar nithe nach bhfaighinn ar aon bhealach eile. Chuala mé Murchadh Shéamais ag imeacht leis síos an staighre. Ansin bhí ciúnas mór ann.

Tar éis tamaill, thug mé faoi deara go bhféadfainn radharc maith a fháil ar an bpasáiste lasmuigh dá mbreathnóinn tríd an spás cúng idir comhla agus ursain an dorais. Bhí sé amhail is go raibh an teach áirgiúil sin tréigthe uile. Sa deireadh, chuala mé doras an tseomra ag oscailt agus

chonaic mé Lúcas ag teacht amach. Lig mé dó imeacht síos an staighre agus é ar intinn agam é a leanúint tar éis cúpla soicind agus breith air sa tsráid thíos dá mba rud é go raibh sé ina aonar. Ach níor luaithe Lúcas imithe ná chuala mé Murchadh Shéamais ag teacht aníos arís agus béigean dom fanacht mar a raibh mé.

Bhí Murchadh Shéamais ag barr an staighre nuair a d'oscail doras an tseomra arís agus b'eo amach fear nach bhfaca mé riamh cheana, é tanaí feosaí, agus éadaí dubha air, mar a shamhlaigh mé a bheadh ar shagart sa Fhrainc nó san Iodáil, agus clóca fada dubh caite siar thar a ghuaillí aige. Bhí croisín órga ar a bhrollach.

'A Mhurchaidh,' ar seisean i nGaeilge an oirthir, 'Tá tú ann. Ar chuir tú an clóca dearg chuig teach Uí Bhriain.'

'Chuir, a Athair.'

D'aithin mé tuin mhaith Ghaillimheach ar ghlór Mhurchaidh. Ansin, ar chúis éigin, d'iompaigh an sagart ar an Saxbhéarla.

'You have done well, Brine. I think the boy will serve.'

Ní dúirt Murchadh Shéamais aon rud agus d'iompaigh an sagart ar ais ar an nGaeilge.

'Anois caithfidh mise dul síos ar an gcé agus a phasáiste a chinntiú. Tá sí le seoladh an chéad rud maidin amárach. Buailfidh mé leatsa sa ghnátháit ag meán lae agus socróimid ár gcuid cuntas.'

'Ceart go leor, a Athair.'

Ba léir gur shíl an bheirt acu go raibh an foirgneamh fúthu féin acu.

'Agus bheinn buíoch díotsa, a Mhurchaidh, dá gcuirfeá a bhfuil sa seomra sa chomhla réidh le himeacht.'

'Ceart go leor, a Athair,' arsa Murchadh Shéamais.

Tharraing an sagart an clóca mór timpeall air féin agus

d'imigh leis síos an staighre. Chuaigh Murchadh Shéamais isteach sa seomra.

Chuala mé plimpeanna agus troscán á tharraingt ón seomra eile mar a bheadh Murchadh Shéamais ag bogadh rudaí thart agus ag bailiú rudaí suas agus ag leagan rudaí eile síos. Shíl mé — agus cé a thógfadh orm é? — go mbeadh sé sábháilte dom dul síos staighre arís agus féachaint le teacht suas le Lúcas. Bhreathnaigh mé amach ar an léibheann go cúramach. Bhí sé folamh. Amach liom, ar mo bharracíní. Ach ní raibh an tríú coiscéim tógtha agam amach ar an léibheann i dtreo bharr an staighre nuair a bhuaíl mé faoi thoirt mhór Mhurchaidh Shéamais agus é díreach tagtha amach as an seomra eile.

'Hea! Spiaire!' ar seisean liom go santach.

Rug sé go garbh orm. Fear mór téagartha a bhí ann. Thug sé leis mé síos an staighre ar an bpointe, a bhos leathan láidir fáiscthe thar mo bhéal aige. Síos staighre eile linn ansin agus amach ar dhoras cúil go dtí clós fuar dorcha. Bhrúigh sé thar na leaca sleamhaine mé, go teach stórais. Ní dúirt sé tada i rith an ama ach a rá gur spiaire mé agus nach dtig leo ligean dom a gcuid pleananna a chur ó mhaith. Tharraing sé comhla an dorais chuige.

'Beidh tú as bealach ansin go ceann scaithimh,' ar seisean sa deireadh, agus chaith sé isteach mé i mullach mo chinn.

Thit mé anuas ar charn de bhlocáin adhmaid. Chuala mé an bolta á chur trasna ar an taobh amuigh.

'Ní haon mhaith duit glaoch amach,' ar seisean liom ón taobh eile den chomhla. 'Ní chloisfidh duine ar bith thú. Beidh an giolla thart an chéad rud maidin amárach. Má ligeann tú béic asat an uair sin b'fhéidir go scaoilfeadh sé amach thú. Idir an dá linn, mo chomhairlese duit fanacht socair,' ar seisean.

Chuala mé a choiscéimeanna ag imeacht uaim trasna na leac.

Fanacht socair, sin rud nach ndearna mé. Bhí sé dubh dorcha istigh sa chró agus thosaigh mé ag screadach in ard mo chinn is mo ghutha agus ag bualadh na comhla daingne le mo dhoirne. Ach ba ghearr gur thuig mé go raibh an ceart aige agus tar éis tamaill d'éirigh mé as. Ní raibh de bharr mo chuid iarrachta agam ach doirne lasta.

Ní raibh de sholas sa chró ach solas beag a bhí ag éalú isteach ó fhuinneoigín bheag bhídeach in uachtar, leithead doirne ann ar a mhéad. Scrúdaigh mé an chomhla féachaint an raibh aon bhealach a bhféadfainn an bolta a bhogadh ón taobh istigh. Ach de chláir thiubha dhaingne a bhí an chomhla déanta agus ní raibh leithead iongan féin eatarthu ná oiread dhá iongan idir comhla agus ursain. Lig mé cúpla béic eile asam, ach bhí an chuma air gur fhan mo ghlór faoi ghlas, mar a bhí mé féin, istigh sa chró gránna sin.

Tháinig buairt go leor orm. Gan trácht ar an oíche a chaitheamh sa chró, ní raibh mé in ann teacht i gcabhair ar Lúcas, má bhí cabhair uaidh, agus bhí mé tar éis an Máistir a ligean síos.

Bhí mé dhá uair an chloig sa chró, nó níos mó, i mo shuí ar bhlocán adhmaid, nuair a chuala mé rud a chuir as dom: scríobadh. Bhí gall-lucha áit éigin ar chúl an chuail adhmaid. Ba ghearr go bhfaca mé ceann acu agus súile bídeacha ag gliúcadh amach orm ón gcúinne, iad ag glioscarnach sa leathsholas.

Ní deas an ní é gall-lucha a bheith in aon seomra leat, agus chaithinn corrphíosa adhmaid i dtreo an chúinne sin ó am go chéile leis an ruaig a chur orthu. Is ansin a thosaigh na scéalta ag plódú isteach i m'intinn: an chaoi a gcuirfeadh na

Sasanaigh daoine óga faoi ghlas i seomraí séalaithe lán gall-luch agus go n-íosfadh na gall-lucha iad, ag tosú san áit a raibh an craiceann ris, barr na gcluas, mar shampla. Sin agus na scéalta eile a bhíodh á n-aithris againn dá chéile sa Choláiste: an raca, na geimhle balla, an crochadh fada, an seomra bídeach nach bhféadfá síneadh amach ann ná seasamh suas ann, gan trácht ar an scroblachóir — an banda iarainn a chuirí thar an gcloigeann lena fháisceadh. Ní fhéadfainn na scéalta sin a chur as mo chloigeann, bídis fíor nó bréagach.

Níl ciall ar bith leis seo, a dúirt mé liom féin scór uaireanta: ní hiad na Sasanaigh a chuir isteach anseo mé, ach Gael mór grabasta ar chosúil gur gaol le Lúcas é, agus scaoilfear amach mé tar éis do Lúcas filleadh ar an gColáiste agus labhairt leis an Máistir. Bheinn sínte uile dá mbeadh a fhios agam, ag an nóiméad sin, nach raibh aon chuimhne ag Lúcas filleadh ar an gColáiste ná aon chuimhne ag an Máistir ach gur in éineacht le Lúcas a bhí mise.

Sin nó go gcaithfinn fanacht ann go maidin. Bhí orm a admháil go raibh an seans sin ann go cinnte agus níor thaitin sé liom smaoinemh air: gurbh fhéidir go mbeadh orm fanacht san áit thar oíche agus go mbeadh orm an cró a roinnt leis na gall-lucha, agus nuair a bheinnse i mo chodladh go dtiocfaidís sin amach is go dtósóidís ag creimeadh ar bharr mo chluaise.

D'éirigh mé is chuaigh mé go dtí an cúinne a bhfaca mé an ghall-luch ann tamall roimhe sin. Ba d'adhmaid tiubh a bhí an balla déanta agus láib anuas air; an balla cúil ba bhalla cloiche é. Ach bhí poll breá thíos sa choirnéal idir an dá bhalla sin agus scoilteanna idir an balla adhmaid agus an t-urlár nár stró ar bith ar ghall-luch nó dhó nó trí a theacht tríothu. Os a choinne sin, níor stró ró-mhór an poll agus na

scoilteanna a líonadh le sciotacháin bheaga adhmaid agus leis na scealpa agus leis na spallaí a bhí fairsing ar urlár an chró.

Thosaigh mé ag cartadh. Ag caitheamh na mblocán amach as an mbealach agus ag nochtadh na bpoll is na scoilteanna. Thosaíos á líonadh de réir a chéile le spallaí agus le scealpa. Bhí mé ag déanamh seomra 'séalaithe' den chró. Is ainmí scáthmhar í an ghall-luch agus is furasta an ruaig a chur uirthi. Is é sin mura mbeadh ann ach ceann nó péire. Bhí mise ag déanamh cinnte nach dtiocfaidís ar ais.

Thóg sé tamall orm ach bhí neart ama agam agus choinnigh roghnú agus suiteáil na spallaí na smaointe duairce ar gcúl. Nuair a bhí an balla ar an taobh sin déanta agam dhírigh mé ar an mballa ar an taobh eile. Bheadh seans éigin ansin go n-éireodh liom na gall-lucha gránna a choinneáil uaim. Ach níorbh ionann an dá thaobh nó is ar an taobh eile is mó a bhí an t-adhmaid carntha. Thosaigh mé ag cartadh, ag caitheamh na mblocán ó thaobh amháin go dtí an taobh eile — ní á gcaitheamh baileach, ach á gcruachadh, go cruinn agus go daingean, murab ionann agus an chaoi a raibh siad roimhe sin, caite muin marc ar a chéile. Chaith mé tamall maith á dhéanamh sin.

Ansin, nuair a bhí an balla eile nochtaithe agam, thosaigh mé, ar an gcaoi chéanna, ag cur giotaí adhmaid isteach sna poill agus a raibh fágtha de spásanna ann a líonadh leis na scealpa; obair mhall chúramach í a chuir ar mo shuaimhneas mé. Dar liom gurb ionann na gall-lucha agus saighdiúirí Chichester agus gurb ionann an cró dorcha agus Éire na nGael; bhí an cró anseo ag lobhadh agus bhí na lucha ag rith ar a fhaid agus gan aon duine in ann iad a bhac.

Bhí a fhios agam nach bhféadfainn na lucha móra a mharú — nílim cinnte, fiú amháin, go raibh mé ag iarraidh

iad a mharú. Ní gá gurb iad an cur i gcoinne, an troid, agus an marú, na bealaí is fearr le droch-chás a réiteach. Glacadh leis an suíomh agus féachaint le feabhas a chur air oiread agus is féidir leat. Sin é a d'fhéach mé lena dhéanamh. Shocraigh mé féachaint le caoi éigin a chur ar bhallaí an chró agus mura ndéanfainn ach mé féin a choinneáil slán ar na gall-lucha aon oíche amháin bhí go leor déanta agam, dar liom.

Nuair a bhí sin curtha i gcrích agam, thosaigh mé ag líonadh scoilteanna níos airde sna ballaí agus chuir mé scealpóga isteach idir balla agus díon, idir cleith agus ursain mar a déarfá, agus mé ag samhlú i rith an ama, ar mo bhealach óigeanta seafóideach féin, gurbh í oidhreacht na leon is na ndragún a bhí á tabhairt slán agam ó bhallchreimeadh na luch is na luchóg. Chaitheas uaireanta an chloig leis an obair.

Is de réir mar a bhí mé ag druidim le deireadh na hoibre sin is ea a thosaigh mé ag smaoinemh i gceart dom féin; amhail is gur cheist anacair thranglálte a bhí in gach ceann de na poill dheireanacha úd agus go gcaithfinnse freagra substaintiúil de shaghas éigin a aimsiú le sá isteach ann. Cé a chuir faoi ghlas mé? Cérbh é uncail Lúcaís? Agus cérbh é an sagart úd? Cad chuige? Cad chuige a chuir siad faoi ghlas mé? Mar bhí rud éigin cloiste agam. Mar gur shíl an fear mór go raibh rud éigin cloiste agam. Mar nár theastaigh uathu go n-inseoinn aon rud d'aon duine. Don Mháistir, abair? Céard a bhí cloiste agam? Rud éigin faoi 'sheoladh', faoi 'phasáiste'. Rud éigin faoi 'chlóca dearg'. B'aisteach liom an rud uile. An t-aon uncail a shíl mise a bhí ag Lúcaís, ag Cionn tSáile a maraíodh é, a dúirt Lúcaís liom, in éineacht lena athair.

Bhí sé ag dul ó sholas faoin am seo. Chríochnaigh mé an obair spallaíochta agus shuigh mé síos ar bhlocán adhmaid

agus rinne mo mhachnamh. Dáiríre, bhí go leor eolais faighte agam. Bhí sagart as Baile Átha Cliath, ba chosúil, ag socrú go n-imeodh mo charasa, Lúcaís, ar bhád ó ché na Gaillimhe amárach. Agus bhí rud eile ann nach bhféadfainn bun ná barr a dhéanamh de: bhí clóca dearg curtha ag an bhfear ard chuig teach Lúcaís.

An raibh a fhios ag an Máistir Luínse faoi seo? Ní móide é nó ní chuirfeadh sé mise á leanúint. An raibh a fhios ag Lúcaís faoi sular glaoth amach as an rang air? Ón aithne a bhí agamsa air déarfainn nach raibh. Ach bhí an chuma ar an scéal go raibh sé tar éis glacadh le socrú an tsagairt is go raibh sé le seoladh as Gaillimh. 'The boy will serve.' Bhí an scéala uile aisteach. Bhí níos mó ceisteanna ná freagraí agam.

D'airigh mé Lúcaís go mór uaim. Ach bhí a fhios agam an méid seo, dá mbeadh a fhios aige cá raibh mé go mbeadh sé chugam ar an bpointe le mé a scaoileadh saor. Ach níor tháinig sé agus bhí sé ina oíche anois. D'éirigh mé go tobann agus thosaigh ag screadach arís agus ag bualadh ar an gcomhla le mo dhá bhos. Ach bhí an áit chomh ciúin is a bhí riamh.

Shuigh mé ar ais. Bhí mé traochta. Oiread agus ab fhéidir liom é a dhéanamh sa dorchadas — ag glámadh le mo dhá láimh — réitigh mé spás dom féin le luí síos. Rinne mé carn beag caonaigh i gcomhair mo chloiginn. Agus ó bhí mé ar mo ghlúine, dúirt mé paidir go dtiocfadh Lúcaís slán. Agus mé féin, freisin. Ansin, luigh mé síos. Níorbh aon leaba chlúimh í ach b'fhacthas dom nach bhféadfainn níos fearr a dhéanamh.

Chuimhnigh mé nach raibh tada le hithe agam ó am bricfeasta. Ach fós ní raibh ocras orm. Thosaigh an codladh ag teacht orm mar a thagann ceo isteach ón bhfarraige, tanaí ar dtús, ansin ag éirí níos tibhe, níos raimhre, is níos dorcha;

go mbíonn an chathair ar fad clúdaithe aige sa deireadh. Ach amháin go mbíonn corr-spuaic nó sparra ag gobadh aníos i gcónaí. Ceisteanna eile nach raibh aon fhreagra agam orthu. Cén fáth nach sa scoil a bhuaíl an sagart úd le Lúcas? I seomra na gcuaríteoirí? Céard iad amanta na dtaoidí faoi láthair? Cén imní a bhí ar an Máistir? Agus bhí ceist éigin eile ag iarraidh a cloigeann a shá aníos, ceist shimplí fhollasach. Ach bhí an ceo róláidir róramhar agus níorbh fhada go raibh gach uile shórt báite aige agus mise i mo shrann codlata.

3 Dúiseacht

Bhí mé fuar i rith na hoíche agus dhúisigh mé go minic. Bhí brionglóidí go leor agam. An ceann deireanach, bhí mé sa choill seo. Coill dhlúth dhorcha. Bhí fianna ag rith sa choill. Bhí fiach á dhéanamh orthu. Chonaic mé fia amháin ag iarraidh éalú leis féin, ceann liathbhán. Cuireadh saighead ann agus leagadh é. Chuaigh mé go dtí é. Ní fia a bhí ann ach fear óg. Bhí fuil leis. Ach ní fuil a bhí ann ach clóca dearg a bhí caite thar a aghaidh. Chrom mé síos leis an gclóca dearg a bhaint de agus bhí mé ar tí lámh a leagan air agus an t-éadach a mhothú faoi bharr mo mhéar nuair a dhúisigh mé.

Shuigh mé aniar go tobann. Bhí mé i mo lándúiseacht agus mé ag iarraidh éirim na brionglóide a thabhairt liom. An clóca, arsa mise liom féin. An clóca a luaigh an sagart leis an bhfear ard, clóca dearg. Tháinig an chuimhne sin ar ais chugam, agus ansin leáigh an rud uile. Níor fhan ach an fonn millteannach breith ar Lúcas sula mbeadh sé ródhéanach. Chaithfinn rith ar nós fia mar bhí Lúcas i gcontúirt. Nó b'in a shíl mé. Ansin chuimhnigh mé ar an áit a raibh mé. Tháinig déistean agus fearg orm. Léim mé in airde agus chuaigh chuig an doras. Bhí iarracht bheag de léithe an lae úir ag iarraidh briseadh isteach sa chró. Thosaigh mé ag screadach agus ag bualadh na comhla.

Ní raibh an chuma air go raibh duine ar bith ina shuí fós. Ghlac mé sos beag. Thosaigh ag bualadh arís. Bhí sé ag dul